# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2023

# Scéim Mharcála

# Gaeilge

# Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Is éard atá sa cháipéis fhoilsithe seo ná an scéim chríochnaithe mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Páipéar 1 (160 marc)**

| **Cuid I** | **An Chluastuiscint** | **60 marc** |
|---|---|---|

| | | |
|---|---|---|
| **(i)** | Tuiscint | = **60** marc |
| **(ii)** | Cumas Gaeilge | - **(0-6)** |
| **(iii)** | **Iomlán** | = |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Cuid A:** | **24 marc (Eolas)** | | |
| Fógra 1: | 3 mharc x 4 | = | 12 mharc |
| Fógra 2: | 3 mharc x 4 | = | 12 mharc |
| | **12 + 12** | **=** | **<u>24 marc</u>** |
| **Cuid B:** | **24 marc (Eolas)** | | |
| Comhrá 1: | 3 mharc x 4 | = | 12 mharc |
| Comhrá 2: | 3 mharc x 4 | = | 12 mharc |
| | **12 + 12** | **=** | **<u>24 marc</u>** |
| **Cuid C:** | **12 mharc (Eolas)** | | |
| Píosa 1: | 3 mharc x 2 | = | 6 mharc |
| Píosa 2: | 3 mharc x 2 | = | 6 mharc |
| | **6 + 6** | **=** | **<u>12 mharc</u>** |

**<u>24 + 24 + 12 = 60</u>**

**Bainfear ó 0 go 6 ar chaighdeán na Gaeilge.**

# An Triail Chluastuisceana

## Cuid A

### Fógra a hAon (Canúint Chonnacht)

Seo fógra ó Ghaelchultúr. Sheol Gaelchultúr club leabhar ar líne sa bhliain dhá mhíle is a deich. Tá sé ar fáil ar an suíomh gréasáin www.clubleabhar.com. Tá sé mar aidhm ag an gclub leabhar daoine a spreagadh chun leabhair Ghaeilge a léamh. Roghnaítear úrscéal nó cnuasach gearrscéalta mar leabhar na míosa agus iarrtar ar na baill é a léamh. Nuair a bhíonn leabhar na míosa léite ag na baill, bíonn deis acu an saothar a phlé ar fhóram an tsuímh gréasáin. Is féidir le baill an chlub leabhar na míosa a cheannach ar an suíomh gréasáin www.siopa.ie. Má tá suim agat a bheith i do bhall den chlub leabhar seo ar líne, ní thógann sé ach nóiméad clárú. Níl le déanamh agat ach ainm úsáideora, pasfhocal agus seoladh ríomhphoist a líonadh isteach ar an bhfoirm chlárúcháin ar líne.

### Fógra a Dó (Canúint na Mumhan)

Seo fógra ó Ollscoil Luimnigh. Beidh Lá Oscailte ar siúl san Ollscoil Dé Sathairn seo chugainn, an seachtú lá de mhí Dheireadh Fómhair. Cuirfear fáilte speisialta roimh scoláirí na hArdteistiméireachta. Tosóidh na cainteanna ag leathuair tar éis a naoi an lá sin. Sna cainteanna, beidh léachtóirí na hollscoile ag caint faoi na cúrsaí céime atá ar fáil san ollscoil, faoi na pointí CAO atá riachtanach do na cúrsaí céime éagsúla agus faoi na deiseanna fostaíochta a thugann na cúrsaí sin do chéimithe. Ina dhiaidh sin, tabharfar scoláirí na hArdteistiméireachta ar thuras timpeall an champais agus feicfidh siad hallaí na léachtaí, na saotharlanna eolaíochta, an leabharlann agus an t-ionad spóirt. Roinnfidh mic léinn na hollscoile a dtaithí féin ar an saol san ollscoil leis na scoláirí, chomh maith le heolas ar na cumainn go léir atá san ollscoil.

## Cuid B

### Comhrá a hAon (Canúint Uladh)

**An Chéad Mhír**

**Íde:** Haigh, a Chathail, cad é mar atá tú?

**Cathal:** Tá mé tuirseach traochta, a Íde, mar tá an lá ar fad caite agam ag bailiú bruscair ar an trá.

**Íde:** Cad é a spreag thú leis sin a dhéanamh?

**Cathal**: Bhuel, tá mé i mo bhall den ghrúpa timpeallachta áitiúil 'Cóstaí Glana' agus d'eagraigh muid glantachán trá inniu. Líon muid dhá chéad mála le bruscar a bhí caite ar an trá.

**Íde:** Tá sé sin dochreidte. Tá daoine ann nach bhfuil meas ar bith acu ar an trá álainn atá againn agus milleann siad an áit le bruscar. Cén cineál bruscair is mó a bhailigh sibh?

**Cathal:** Earraí plaisteacha is mó a bhailigh muid.

**Íde:** Is mór an t-ábhar imní an truailliú plaisteach sa lá atá inniu ann. Déanann an truailliú plaisteach dochar do na héisc agus do na héin mhara. Cuireann sé isteach ar a ngnáthóga. Chomh maith leis sin, cuireann sé leis an athrú aeráide.

**Cathal:** Is fíor sin, a Íde. Deir na saineolaithe go mbeidh níos mó plaistigh ná mar a bheidh d'éisc sna farraigí faoin bhliain dhá mhíle caoga.

**An Dara Mír**

**Íde:** Bhuel, a Chathail, ní ar thránna na tíre amháin a fhágann cuid de na daoine an bruscar. Bhí mé ag féile cheoil coicís ó shin. Ní chreidfeá an droch-chuma a bhí ar an áit i ndiaidh na féile.

**Cathal:** Cad é a chuir an droch-chuma ar an áit?

**Íde:** D'fhág a lán daoine málaí codlata agus pubaill ina ndiaidh nuair a bhí siad ag imeacht abhaile maidin Dé Luain. Chuir sé sin déistin orm.

**Cathal:** Tá sé sin scannalach. Nach bhfuil bealach ar bith ag lucht eagraithe na féile le tionchar na féile ar an timpeallacht a laghdú?

**Íde:** Tá, cinnte. Iarrann siad ar gach duine a dtrealamh go léir a thabhairt abhaile leo i ndiaidh na féile, agus an bruscar a chur sna boscaí bruscair atá ar fud shuíomh na féile.

**Cathal:** Tá a fhios ag gach duine na laethanta seo cad é ba cheart dóibh a dhéanamh. Níl leithscéal acu.

**Comhrá a Dó (Canúint Chonnacht)**

**An Chéad Mhír**

**Colm:** Ó, a Ghráinne. Tá fáilte romhat abhaile ó Mhaidrid. Cén uair a tháinig tú ar ais?

**Gráinne:** Tháinig mé ar ais tráthnóna Dé hAoine, a Choilm. Ach bhí mé trí chéile ar fad nuair a shroich mé aerfort Bhaile Átha Cliath mar chuaigh mo bhagáiste ar strae. Cuireadh chuig an aerfort mícheart é. Ach fuair mé sa deireadh é.

**Colm:** Caithfidh go raibh faoiseamh an domhain ort, a Ghráinne. Inis dom conas mar a bhí an cúrsa Spáinnise i Maidrid?

**Gráinne:** Bhí sé ar fheabhas ar fad. Bhíodh ranganna Spáinnise againn gach maidin óna leathuair tar éis a a hocht agus mhaireadh siad ar feadh ceithre uair an chloig. Bhíodh seisiúin chomhrá, tascanna scríbhneoireachta, trialacha éisteachta agus cleachtaí gramadaí ar siúl sna ranganna againn.

**Colm:** Caithfidh go bhfuil feabhas mór ar do chuid Spáinnise anois?

**Gráinne:** Tá, cinnte, a Choilm. Táim i bhfad níos líofa sa Spáinnis anois.

**Colm:** Cleachtadh a dhéanann máistreacht, a deir an seanfhocal. Is cinnte gur fíor sin nuair a bhíonn tú ag foghlaim teanga.

**Gráinne:** Tá an ceart ar fad agat, a Choilm.

**An Dara Mír**

**Colm:** Cad ba ghnách leat féin agus na scoláirí eile a dhéanamh i ndiaidh na ranganna ansin?

**Gráinne:** Théimis ar thurais chuig na suíomhanna stairiúla agus chuig na músaeim sa chathair.

**Colm:** Cár fhan tú le linn an chúrsa?

**Gráinne:** D'fhan mé le teaghlach óstach i mbruachbhaile de chuid na cathrach. Bhí cailín ar comhaois liom féin sa teaghlach sin. Maria an t-ainm a bhí uirthi, agus réitigh mé go maith léi.

**Colm:** Cad a bhíodh ar siúl agat le do theaghlach óstach ag an deireadh seachtaine?

**Gráinne:** Ar an Satharn, théinn ag siúl sa pháirc phoiblí le Maria nó théimis chuig an bpáirc uisce. Agus ar an Domhnach, thaispeánadh Maria agus a máthair dom conas béile Spáinneach a réiteach.

**Colm:** Is cosúil gur bhain tú taitneamh agus tairbhe as do thréimhse i Maidrid, a Ghráinne.

**Gráinne:** Bhain, cinnte. Ach anois, nílim ag tnúth le filleadh ar an scoil arís an tseachtain seo chugainn. Beidh sé deacair luí isteach ar an staidéar arís tar éis samhradh iontach a bheith agam sa Spáinn. Slán go fóill, a Choilm.

## Cuid C

### Píosa a hAon (Canúint na Mumhan)

Bhí Gradaim Phodchraoltaí na hÉireann ar siúl i Halla na Saoirse i mBaile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair seo caite. Bhuaigh an podchraoladh *Beo ar Éigean* an gradam óir don phodchraoladh is fearr i nGaeilge ag an ócáid speisialta sin. Craoltar an podchraoladh *Beo ar Éigean* ar RTÉ Raidió 1 gach deireadh seachtaine. Pléitear cúrsaí oibre, cúrsaí sóisialta agus na scéalta a bhíonn i mbéal an phobail ar an bpodchraoladh sin. Ba é an podchraoladh Gaeilge *Teachtaireachtaí* a bhí sa dara háit. Bhí *An Spota Dubh*, podchraoladh Gaeilge de chuid Chumann Lúthchleas Gael, sa tríú háit. Craoltar é sin ar Raidió na Life. Pléitear scéalta spóirt na seachtaine agus cuirtear agallaimh ar aíonna ó shaol an spóirt ar an bpodchraoladh sin.

### Píosa a Dó (Canúint Uladh)

Fuair an t-imreoir cáiliúil sacair as an Bhrasaíl, Pelé, bás i mí na Nollag seo caite. Duine de pheileadóirí eisceachtúla an domhain a bhí ann. Bhíodh sé ag imirt le foireann idirnáisiúnta na Brasaíle. D'imir sé i gCorn an Domhain den chéad uair sa bhliain míle naoi gcéad caoga a hocht nuair nach raibh sé ach seacht mbliana déag d'aois. Ba é Pelé an t-imreoir ab óige a bhuaigh bonn riamh i gCorn an Domhain. Tá a ainm luaite i Leabhar Churiarrachtaí Domhanda Guinness mar an t-aon imreoir sacair a bhfuil trí bhonn buaite aige i gCorn an Domhain go dtí seo. Bhí cumas as an ghnách ann cúil a aimsiú. Scóráil sé níos mó ná míle dhá chéad cúl. Nuair a d'éirigh Pelé as an sacar, rinne sé cuid mhór oibre ar son páistí faoi mhíbhuntáiste agus in aghaidh an chiníochais.

## Na Siombailí Anótála Marcála

| Siombailí Anótála | Cur Síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
| ✔ | Tic bán | Eolas bailí/ceart/ábhartha |
| [0] | Náid bronnta | Freagra/eolas mícheart |
| 〰 | Líne chorrach chothrománach | Líne faoi earráid teanga/ghramadaí/litrithe |
| – | Gan freagra GF/NR | Níor freagraíodh an cheist/an mhír |
| ʌ | Easnamh | Foca(i)I fágtha ar lár |

**Nóta:** Níor chóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagra ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála. Is féidir glacadh le nathanna cainte, frásaí agus focail a bhfuil a gciall cosúil leo siúd atá ar an scéim mharcála chomh maith.

## *Cuid A (24 marc)*

**FÓGRA A hAON (12 mharc)**

**1.** **(a)** Cén bhliain a sheol Gaelchultúr club leabhar ar líne? **3 mharc**

2010 = 3 mharc
Dhá mhíle is a deich = 3 mharc

**(b)** Scríobh síos cineál **amháin** leabhair a roghnaítear mar leabhar na míosa. **3 mharc**

(Leabhar) Gaeilge = 3 mharc
Úrscéal Gaeilge = 3 mharc
Úrscéal = 3 mharc
Cnuasach gearrscéalta Gaeilge = 3 mharc
Cnuasach gearrscéalta = 3 mharc
Gearrscéal/gearrscéalta = 3 mharc
Scéalta/scéal Gaeilge = 3 mharc
Scéal/scéalta = 2 mharc

**2.** **(a)** Cén suíomh gréasáin ar féidir leis na baill leabhar na míosa a cheannach air? **3 mharc**

www.siopa.ie = 3 mharc
siopa.ie = 3 mharc

**(b)** Cá fhad a thógann sé clárú don chlub leabhar seo ar líne? **3 mharc**

Nóiméad = 3 mharc

**FÓGRA A DÓ (12 mharc)**

**1.** **(a)** Cén ollscoil a chuir amach an fógra seo? **3 mharc**

(Ollscoil) Luimnigh = 3 mharc

**(b)** Cén t-am a dtosóidh na cainteanna an lá sin? **3 mharc**

Ag leathuair tar éis a naoi = 3 mharc
9.30 = 3 mharc

**2.** Luaigh **dhá** áit a fheicfidh na scoláirí ar an turas timpeall an champais. **3 mharc + 3 mharc**

Hallaí na léachtaí = 3 mharc
Na saotharlanna eolaíochta = 3 mharc
An leabharlann = 3 mharc
An t-ionad spóirt = 3 mharc
Halla spóirt = 3 mharc
Halla(í) = 2 mharc
Saotharlann(a) = 2 mharc
Ionad = 2 mharc

## *Cuid B (24 marc)*

**COMHRÁ A hAON (12 mharc)**

***An Chéad Mhír***

**1.** Cén t-ainm atá ar an ngrúpa timpeallachta áitiúil a d'eagraigh an glantachán trá? **3 mharc**

Cóstaí Glana = 3 mharc

**2.** Cén cineál bruscair is mó a bhailigh siad ar an trá? **3 mharc**

Earraí plaisteacha = 3 mharc
Plaisteach/Plaistigh = 3 mharc

***An Dara Mír***

**1.** Cá raibh Íde coicís ó shin? **3 mharc**

(Ag) féile cheoil = 3 mharc

(Ag) féile = 2 mharc

**2.** Scríobh síos rud **amháin** a deir Íde a d'fhág a lán daoine ina ndiaidh nuair a bhí siad ag imeacht abhaile maidin Dé Luain. **3 mharc**

Málaí codlata = 3 mharc
Pubaill = 3 mharc
Trealamh = 3 mharc
Bruscar = 2 mharc

**COMHRÁ A DÓ (12 mharc)**

*An Chéad Mhír*

**1.** Cén uair a tháinig Gráinne ar ais ó Mhaidrid? **3 mharc**

Tráthnóna Dé hAoine = 3 mharc
Dé hAoine = 3 mharc

**2.** Cá fhad a mhaireadh na ranganna Spáinnise gach maidin? **3 mharc**

Ceithre/4 uair an chloig = 3 mharc
8.30 – 12.30 = 3 mharc

*An Dara Mír*

**1.** Luaigh áit **amháin** a dtéadh Gráinne agus Maria ar an Satharn. **3 mharc**

Páirc phoiblí/páirc phobail = 3 mharc
Páirc uisce = 3 mharc
Páirc = 2 mharc

**2.** Scríobh síos an rud nach bhfuil Gráinne ag tnúth leis. **3 mharc**

Ag filleadh ar an scoil = 3 mharc
An scoil = 3 mharc
An staidéar = 3 mharc

## *Cuid C (12 mharc)*

**PÍOSA A hAON (6 mharc)**

**1.** Cén áit i mBaile Átha Cliath a raibh Gradaim Phodchraoltaí na hÉireann ar siúl? **3 mharc**

Halla na Saoirse = 3 mharc

**2.** Cá gcraoltar an podchraoladh Gaeilge *An Spota Dubh*? **3 mharc**

Raidió na Life = 3 mharc
(Ar an) raidió = 2 mharc

**PÍOSA A DÓ (6 mharc)**

**1.** Cathain a fuair Pelé bás? **3 mharc**

I mí na Nollag seo caite = 3 mharc
Mí na Nollag 2022 = 3 mharc
2022 = 2 mharc
An bhliain seo caite = 2 mharc
Mí na Nollag = 2 mharc

**2.** Cén aois a bhí ag Pelé nuair a d’imir sé i gCorn an Domhain den chéad uair? **3 mharc**

17 mbliana = 3 mharc
Seacht mbliana déag d’aois = 3 mharc
17 = 3 mharc
Seacht déag = 3 mharc

**Bainfear ó 0 go 6 ar chaighdeán na Gaeilge.**

| Cuid II | An Cheapadóireacht | 100 marc |
|---|---|---|

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

**I gcás A, B, C agus D (Dhá cheann le freagairt)**

Leathleathanach nó breis:

| | |
|---|---|
| Tasc | = 2 mharc |
| Ábhar | = 8 marc |
| Cumas Gaeilge | = 40 marc |
| | = 50 marc x 2 = **100 marc** |

An Tasc (2 mharc)
Tá 2 mharc le bronnadh má chomhlíontar an tasc, má éiríonn leis an iarrthóir Giota Leanúnach/Blag **nó** Scéal **nó** Litir/Ríomhphost **nó** Comhrá a scríobh.

An tÁbhar (8 marc)
Tá 8 marc ag dul don ábhar. Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.
**Gearrfar pionós ar iarrachtaí ceapadóireachta nach bhfuil ábhartha agus bainteach leis an teideal.**

An Cumas Gaeilge (40 marc)
Tá **dhá** ghné i gceist le cumas:

(i) Cumas Gaeilge = Fairsinge, saibhreas agus oiriúnacht Stór Gaeilge an iarrthóra (foclóir cuí, oiriúnach, dul na Gaeilge, nathanna cainte agus frásaí oiriúnacha)

**Agus**

(ii) Cruinneas Gaeilge = Beachtas maidir le cruinnúsáid phríomhghnéithe de cheart na Gaeilge (struchtúir/comhréir na teanga, aimsirí na mbriathra, séimhiú, urú, réamhfhocail, claoninsint...) agus litriú

**Nóta**: Is ceart creidiúint a thabhairt do dhea-Ghaeilge le tic a chur leis na múnlaí maithe cainte agus is ceart na mórbhotúin sa teanga a mharcáil trí líne chorrach chothrománach a chur fúthu.

**Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc a bhronntar as 2 (Tasc), an marc a bhronntar as 8 (Ábhar) agus an marc a bhronntar as 40 (Gaeilge) a thaispeáint ar an bpainéal marcála.

# Na Siombailí Anótála Marcála

| Siombailí Anótála | Cur Síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
| ✔ | Tic | Cumas agus Cruinneas Gaeilge ceart/ábhartha/lena ngabhann fiúntas |
| 〰 | Líne chorrach chothrománach | Líne faoi earráid teanga/ghramadaí/litrithe |
| **M** | Míléamh | Easpa ceangail ag an ábhar atá scríofa leis an teideal |
| **F1** | Iarracht róghearr | Níos lú ná leathleathanach (8-11 líne i gcás A, B agus D agus 6-8 líne i gcás chorp na litreach/ an ríomhphoist) scríofa agus é ábhartha agus bainteach leis an teideal |
| **F2** | Iarracht róghearr | Níos lú ná leathleathanach (4-7 líne i gcás A, B agus D agus 3-5 líne i gcás chorp na litreach/ an ríomhphoist) scríofa agus é ábhartha agus bainteach leis an teideal |
| **F3** | Iarracht róghearr | Níos lú ná leathleathanach (1-3 líne i gcás A, B agus D agus 1-2 líne i gcás chorp na litreach/ an ríomhphoist) scríofa agus é ábhartha agus bainteach leis an teideal |
| ⌇ | Líne chorrach cheartingearach | Líne ar thaobh na láimhe deise den phíosa nach mbaineann le hábhar/leis an teideal |
| **X** | Crosáil/X | X in aice le gach píosa/ag bun gach píosa nach mbaineann le hábhar/leis an teideal |

| Réimse | | | Catagóir | 40 |
|---|---|---|---|---|
| **Sármhaith** | (i) Cumas Gaeilge<br>(ii) Cruinneas Gaeilge | Ard | 95% | 38 |
| | | Meánach | 90% | 36 |
| | | Íseal | 85% | 34 |
| **An-mhaith** | (i) Cumas Gaeilge<br>(ii) Cruinneas Gaeilge | Ard | 80% | 32 |
| | | Meánach | 75% | 30 |
| | | Íseal | 70% | 28 |
| **Maith** | (i) Cumas Gaeilge<br>(ii) Cruinneas Gaeilge | Ard | 65% | 26 |
| | | Meánach | 60% | 24 |
| | | Íseal | 55% | 22 |
| **Maith go leor** | (i) Cumas Gaeilge<br>(ii) Cruinneas Gaeilge | Ard | 50% | 20 |
| | | Meánach | 45% | 18 |
| | | Íseal | 40% | 16 |
| **Lag** | (i) Cumas Gaeilge<br>(ii) Cruinneas Gaeilge | Ard | 35% | 14 |
| | | Meánach | 30% | 12 |
| | | Íseal | 25% | 10 |
| **An-lag** | (i) Cumas Gaeilge<br>(ii) Cruinneas Gaeilge | Ard | 20% | 8 |
| | | Meánach | 15% | 6 |
| | | Íseal | 10% | 4 |
| **Easnamhach** | (i) Cumas Gaeilge<br>(ii) Cruinneas Gaeilge | | 5% | 2 |

| Réimse | Catagóir | 40 | 36 | 30 | 20 | 10 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Siombailí** | | | **M** | **F1** | **F2** | **F3** |
| **Sármhaith** | Ard | 38 | 34 | 29 | 19 | 10 |
| | Meánach | 36 | 32 | 27 | 18 | 9 |
| | Íseal | 34 | 31 | 26 | 17 | 9 |
| | | | | | | |
| **An-mhaith** | Ard | 32 | 29 | 24 | 16 | 8 |
| | Meánach | 30 | 27 | 23 | 15 | 8 |
| | Íseal | 28 | 25 | 21 | 14 | 7 |
| | | | | | | |
| **Maith** | Ard | 26 | 23 | 20 | 13 | 7 |
| | Meánach | 24 | 22 | 18 | 12 | 6 |
| | Íseal | 22 | 20 | 17 | 11 | 6 |
| | | | | | | |
| **Maith go leor** | Ard | 20 | 18 | 15 | 10 | 5 |
| | Meánach | 18 | 16 | 14 | 9 | 5 |
| | Íseal | 16 | 14 | 12 | 8 | 4 |
| | | | | | | |
| **Lag** | Ard | 14 | 13 | 11 | 7 | 4 |
| | Meánach | 12 | 11 | 9 | 6 | 3 |
| | Íseal | 10 | 9 | 8 | 5 | 3 |
| | | | | | | |
| **An-lag** | Ard | 8 | 7 | 6 | 4 | 2 |
| | Meánach | 6 | 5 | 5 | 3 | 2 |
| | Íseal | 4 | 4 | 3 | 2 | 1 |
| | | | | | | |
| **Easnamhach** | | 2 | 2 | 2 | 1 | 1 |

**Páipéar 2 (200 marc)**

| **CEIST 1** | **LÉAMHTHUISCINT** | **100 marc** |
|---|---|---|

Freagair **A** *agus* **B** anseo.

**Nóta:** Má tá dhá phointe eolais i gceist, tá **3** mharc ar an gcéad cheann atá ceart agus **2** mharc ar an dara ceann atá ceart.

**Nóta**: Gearrfar pionós i ngeall ar iomarcaíocht.

| **Siombailí Anótála** | **Cur Síos** | **Arna Léiriú** |
|---|---|---|
| ✔1 | Faisnéis bhailí | Luach 1 mharc |
| ✔2 | Faisnéis bhailí | Luach 2 mharc |
| ✔3 | Faisnéis bhailí | Luach 3 mharc |
| ✔4 | Faisnéis bhailí | Luach 4 mharc |
| ✔5 | Faisnéis bhailí | Luach 5 mharc |
| [0] | Freagra/eolas mícheart | Náid bronnta |
| 〰 | Líne chorrach chothrománach | Líne faoi earráid teanga/ghramadaí/litrithe |
| – | GF/NR | Níor freagraíodh an cheist |
| Iom | Iomarcaíocht | Abairt(í) iomarcach(a) |
| ʌ | Easnamh | Foca(i)l fágtha ar lár |

**Nóta:** Ba cheart na siombailí anótála a bhfuil marcanna ag gabháil leo a chur gar don eolas ceart sa fhreagra.

**A – 50 marc**

## Johnny Sexton – Laoch Rugbaí

**Nóta**: Má tá dhá phointe eolais i gceist, tá 3 mharc ar an gcéad cheann atá ceart agus 2 mharc ar an dara ceann atá ceart.
**Nóta**: Gearrfar pionós i ngeall ar iomarcaíocht.

**1.** (a) Cad a mhúscail spéis Johnny sa rugbaí agus é ag fás aníos? (Alt 1) **5 mharc**

- Imreoirí rugbaí ba ea a athair agus a uncail = 5 mharc
- Imreoir rugbaí ba ea a athair = 5 mharc
- Imreoir rugbaí ba ea a uncail = 5 mharc
- Ba ghnách le Johnny dul in éineacht lena athair go club rugbaí (Bective ag an deireadh seachtaine) = 5 mharc

(b) Scríobh síos **dhá** phíosa eolais faoin bpáirt a ghlac Johnny i gcraobhchluiche sinsir scoileanna Chúige Laighean in 2002. (Alt 1) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad phíosa eolais atá ceart = **3** mharc; an dara píosa eolais atá ceart = **2** mharc

- Tháinig sé isteach sa chraobhchluiche (sin mar ionadaí)
- Scóráil sé preabchúl (trí nóiméad ó dheireadh an chluiche)

**2.** (a) Tabhair **dhá** phíosa eolais faoin gcéad chluiche a d'imir Johnny Sexton ar fhoireann sinsir na hÉireann in aghaidh Fhidsí in 2009. (Alt 2) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad phíosa eolais atá ceart = **3** mharc; an dara píosa eolais atá ceart = **2** mharc

- Scóráil sé sé phointe dhéag
- Ainmníodh é mar laoch na himeartha

(b) Luaigh **dhá** scil atá ag Johnny Sexton mar leathchúlaí amuigh. (Alt 2)
**3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad scil atá ceart = **3** mharc; an dara scil atá ceart = **2** mharc

- Tá sárscileanna ciceála agus pasála aige = 2 scil
- Is cosantóir cróga é
- Tá sé láidir sa ghreamú

**3.** (a) Cén fáth a raibh an cluiche a d'imir foireann na hÉireann in Chicago in 2016 ina ócáid stairiúil? (Alt 3) **5 mharc**

- Bhuaigh Éire ar na All Blacks, ceann de na foirne rugbaí is fearr ar domhan, den chéad uair riamh an lá sin = 5 mharc
- Bhuaigh Éire ar na All Blacks, ceann de na foirne rugbaí is fearr ar domhan = 5 mharc
- Bhuaigh Éire ar na All Blacks den chéad uair riamh an lá sin = 5 mharc
- Bhuaigh Éire ar na All Blacks = 3 mharc

(b) Scríobh síos **dhá** rud a tharla sa bhliain speisialta a bhí ag Johnny in 2018. (Alt 3)

**3 mharc + 2 mharc** = **5 mharc**

An chéad rud atá ceart = **3** mharc; an dara rud atá ceart = **2** mharc

- Bhuaigh foireann na hÉireann Craobh na Sé Náisiún
- Bhuaigh foireann na hÉireann an Choróin Thriarach
- Bhuaigh foireann na hÉireann an Chaithréim Mhór
- Ba í sin an bhliain a bhuaigh siad ar na All Blacks i Staid Aviva den chéad uair
- Bronnadh gradam 'Imreoir Domhanda Rugbaí na Bliana' air

**4.** (a) Cén fáth ar bheartaigh Johnny Cúige Laighean a fhágáil in 2013? (Alt 4) **5 mharc**

- Ní raibh sé sásta leis an gconradh a thairg an club dó = 5 mharc
- Ní raibh sé sásta leis an gconradh = 5 mharc
- An conradh = 3 mharc
- Ní raibh sé sásta = 3 mharc

(b) Cad a chuir an-díomá ar Johnny in 2021? (Alt 4) **5 mharc**

- Nuair nár roghnaíodh é ar phainéal na Leon a chuaigh chun na hAfraice Theas = 5 mharc
- Nuair nár roghnaíodh é ar phainéal na Leon = 5 mharc

**5.** (a) Cad a dúirt Johnny in agallamh a rinne sé roimh thús Chraobh na Sé Náisiún i mí Feabhra i mbliana? (Alt 5) **5 mharc**

- Dúirt sé gur mhaith leis éirí as an rugbaí agus é fós i mbarr a réime agus ag imirt d'Éirinn = 5 mharc
- Dúirt sé gur mhaith leis éirí as an rugbaí agus é fós i mbarr a réime = 5 mharc
- Dúirt sé gur mhaith leis éirí as an rugbaí agus é fós ag imirt d'Éirinn = 5 mharc

(b) Cad a rinne Johnny leis na buataisí a chaith sé nuair a bhuaigh sé a chéadú caipín idirnáisiúnta ag imirt i gcoinne na Seapáine in 2021? (Alt 5) **5 mharc**

- Chuir sé na buataisí a chaith sé an lá sin ar crannchur chun airgead a bhailiú do *Debra Ireland* = 5 mharc
- Chuir sé na buataisí a chaith sé an lá sin ar crannchur do *Debra Ireland* = 5 mharc
- Chuir sé na buataisí a chaith sé an lá sin ar crannchur chun airgead a bhailiú = 5 mharc
- Chuir sé na buataisí a chaith sé an lá sin ar crannchur = 3 mharc

[Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**B – 50 marc**

## Scéalta Móra 2022

**Nóta:** Má tá dhá phointe eolais i gceist, tá **3** mharc ar an gcéad cheann atá ceart agus **2** mharc ar an dara ceann atá ceart.

**Nóta**: Gearrfar pionós i ngeall ar iomarcaíocht.

**1.** (a) Cén scéal nuachta domhanda ba mhó a bhí ann in 2022? (Alt 1) **5 mharc**

- Gur ionsaigh an Rúis an Úcráin = 5 mharc

(b) Cén fáth a mbeidh áit ar leith ag Eilís II i stair na Breataine? (Alt 1) **5 mharc**

- Mar bhí sí ina Banríon ar feadh seachtó bliain, an monarc ab fhaide réim i stair na Breataine = 5 mharc
- Bhí sí ina Banríon ar feadh seachtó bliain = 5 mharc
- An monarc ab fhaide réim = 5 mharc
- Thug Eilís II cuairt stáit ar Éirinn in 2011, an chéad chuairt stáit ag monarc Briotanach ó bunaíodh stát neamhspleách na hÉireann (céad bliain ó shin) = 5 mharc

**2.** (a) Scríobh síos **dhá** cheann de shrianta phaindéim Covid-19 ar chuir an rialtas deireadh leo go luath in 2022. (Alt 2) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad srian atá ceart = **3** mharc; an dara srian atá ceart = **2** mharc

- Cuireadh deireadh leis an scaradh sóisialta
- Bhí rogha ag daoine filleadh ar ais ar a n-ionaid oibre
- Bhí cead ag daoine triall ina sluaite arís ar imeachtaí spóirt
- Bhí cead ag daoine triall ina sluaite arís ar imeachtaí ceoil

(b) Luaigh **dhá** phíosa eolais faoi cheolchoirm Ed Sheeran i bPáirc an Chrócaigh i mí Aibreáin. (Alt 2) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad phíosa eolais atá ceart = **3** mharc; an dara píosa eolais atá ceart = **2** mharc

- Bhí níos mó ná 80,000 duine i bPáirc an Chrócaigh nuair a chuir Ed Sheeran tús lena chamchuairt dhomhanda i mí Aibreáin (2 phíosa eolais)
- Bhí níos mó ná 80,000 duine i bPáirc an Chrócaigh
- Chuir Ed Sheeran tús lena chamchuairt dhomhanda i mí Aibreáin i bPáirc an Chrócaigh
- Bhí scoth an cheoil le cloisteáil
- Bhí atmaisféar dochreidte sa staid
- Bhí lucht leanta an cheoil ag baint ardtaitneamh as an gceolchoirm

**3.** (a) Cad é an gradam ba mhó a bhain an scannán, *An Cailín Ciúin,* amach? (Alt 3) **5 mharc**

- Ainmniúchán do ghradam na nOscar in 2023 i rannóg na bhfadscannán idirnáisiúnta is fearr, an chéad scannán Gaeilge a fuair ainmniúchán riamh = 5 mharc
- Ainmniúchán do ghradam na nOscar = 5 mharc

(b) Scríobh síos **dhá** phíosa eolais faoin scannán *The Banshees of Inisherin*. (Alt 3)

**3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad phíosa eolais atá ceart = **3** mharc; an dara píosa eolais atá ceart = **2** mharc

- Tá ardmholadh á fháil ag an scannán *The Banshees of Inisherin* = píosa amháin eolais
- Taispeánadh ar na scáileáin den chéad uair é i mí Dheireadh Fómhair 2022/in 2022 = píosa amháin eolais
- Baineann an scannán leis an gcairdeas idir beirt fhear agus faoin tslí a gcuireann deireadh an chairdis as don bheirt fhear = dhá phíosa eolais
- Ar Acaill agus ar Inis Mór Árann a rinneadh an scannánú = dhá phíosa eolais
- Tá ardmholadh faighte ag Colin Farrell agus ag Brendan Gleeson as ucht a gcuid aisteoireachta i bpríomhpháirteanna an scannáin = dhá phíosa eolais

**4.** (a) Cad a rinne rialtas na Breataine ar an 16 Eanáir 1922? (Alt 4) **5 mharc**

- Thug rialtas na Breataine riar sé chontae is fiche d'oileán na hÉireann, agus Caisleán Bhaile Átha Cliath féin, ar láimh do rialtas sealadach Shaorstát Éireann = 5 mharc
- Thug rialtas na Breataine riar sé chontae is fiche d'oileán na hÉireann ar láimh do rialtas sealadach Shaorstát Éireann = 5 mharc
- Thug rialtas na Breataine Caisleán Bhaile Átha Cliath féin ar láimh do rialtas sealadach Shaorstát Éireann = 5 mharc

(b) Cén fáth ar mháirseáil na céadta garda go Caisleán Bhaile Átha Cliath ar an 27 Lúnasa anuraidh? (Alt 4) **5 mharc**

- Chun comóradh a dhéanamh ar imeachtaí an lae i 1922 nuair a threoraigh Michael Staines/an chéad Choimisinéir ar an nGarda Síochána, fórsa nua gardaí isteach trí gheataí an chaisleáin (le dualgas póilíneachta an stáit nua a ghlacadh ar láimh go foirmiúil ó na Sasanaigh) = 5 mharc
- Chun comóradh a dhéanamh ar imeachtaí an lae i 1922 = 5 mharc

**5.** (a) Cén plean a d'fhógair an tÚdarás Náisiúnta Iompair sa tír seo i mí an Mheithimh? (Alt 5)

**5 mharc**

- Plean chun 120 bus leictreach dhá urlár a chur ar bhóithre na tíre seo taobh istigh de dhá bhliain = 5 mharc
- Plean chun 120 bus leictreach dhá urlár a chur ar bhóithre na tíre seo = 3 mharc

(b) Scríobh síos **dhá** bhuntáiste atá ag baint leis na feithiclí leictreacha agus hidrigine. (Alt 5)

**3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad bhuntáiste atá ceart = **3** mharc; an dara buntáiste atá ceart = **2** mharc

- Laghdóidh siad an lorg carbóin
- Beidh na feithiclí nua níos éifeachtúla ná na feithiclí díosail/peitril
- Ní dhéanann an traein hidrigine mórán torainn
- Sa tír seo, táthar ag súil leis nach mbeidh aon astaíocht á déanamh ag na busanna poiblí ar bhóithre na tíre faoin mbliain 2032

[Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

## Roinn na Litríochta: Na Siombailí Anótála

| Siombailí Anótála | Cur Síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
| ✓ | Faisnéis bhailí | Gan mharc |
| $\checkmark_{1}$ | Faisnéis bhailí | Luach 1 mharc |
| $\checkmark_{2}$ | Faisnéis bhailí | Luach 2 mharc |
| $\checkmark_{3}$ | Faisnéis bhailí | Luach 3 mharc |
| $\checkmark_{4}$ | Faisnéis bhailí | Luach 4 mharc |
| $\checkmark_{5}$ | Faisnéis bhailí | Luach 5 mharc |
| $\boxed{0}$ | Freagra/eolas mícheart | Náid bronnta |
| 〰 | Líne chorrach chothrománach | Líne faoi earráid teanga/ghramadaí/litrithe |
| _ | GF/NR | Níor freagraíodh an cheist/an mhír |
| ⌇ | Líne chorrach cheartingearach | Líne ar thaobh na láimhe deise den phíosa nach mbaineann le hábhar/leis an teideal |
| × | Crosáil/X | X in aice le gach píosa/ag bun gach píosa nach mbaineann le hábhar/leis an teideal |

| Ceist 2 | Prós – Ainmnithe nó Roghnach | 50 marc |
|---|---|---|

Freagair 2A (Prós Ainmnithe) **nó** 2B (Prós Roghnach).

| 2A | PRÓS AINMNITHE | 50 marc |
|---|---|---|

**Nóta:** Níl sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí samplacha thíos uileghabhálach ná eisiach. Is samplaí de fhreagraí féideartha atá iontu; déanfaidh na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus bronnfar marcanna ar phointí bailí eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.
Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c).

**(a)** Freagair na ceisteanna thíos faoin ngiota as an úrscéal *Hurlamaboc*. (**25** marc)

**Hurlamaboc**

(i) Cén fáth a mbeidh cóisir i dteach mhuintir Albright? (**5** mharc)

**Freagraí samplacha:**

- Bhí Lisín agus Pól pósta le fiche bliain
- Chun ceiliúradh a dhéanamh ar a bheith pósta le fiche bliain
- Bhí a lán le ceiliúradh acu
- Chun ceiliúradh a dhéanamh ar an gcaithréim a bhí bainte amach ag Lisín

(ii) Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoi na hullmhúcháin atá déanta ag Lisín don chóisir. (**5** mharc)

**Dhá** phointe eolais = **3** mharc + **2** mharc

**Freagraí samplacha:**

- Ghlan sí an teach/Bhí gach rud glan
- Bhí péint nua ar na ballaí
- Bhí snas ar na hurláir
- Bhí bláthanna sna prócaí
- Bhí gloiní/fíon ordaithe aici (sa siopa fíona)
- Bhí an reoiteoir lán le pióga/le hispíní/le bradán/le harán lámhdhéanta den uile shórt
- Bhí an dara reoiteoir tógtha ar cíos aici
- Bhí an ceann seo líonta aici le rudaí deasa le hithe
- Bhí plean aici an chóisir a chur ar siúl sa ghairdín dá mbeadh an lá go breá
- Mura mbeadh an lá go breá, bheadh an chóisir ar siúl istigh sa teach
- Bhí boird/cathaoireacha le fáil aici ó na comharsana

(iii) Luaigh **dhá** rud faoin gcuma atá ar Lisín. (**5** mharc)

**Dhá** rud = **3** mharc + **2** mharc

**Freagraí samplacha:**

- Tá an chuma ar Lisín go bhfuil sí ina hógbhean fós
- Tá sí tanaí
- Tá gruaig fhada/fhionn uirthi
- Tá Lisín foirfe
- Caitheann sí éadaí deasa/galánta
- Caitheann sí smideadh
- Tá Lisín chun tosaigh ar na mná ar fad/í níos faiseanta/níos néata ná aon duine eile

(iv) Tabhair **dhá** phointe eolais faoi Ruán agus Cuán, an bheirt mhac atá ag Lisín agus Pól.

(**5** mharc)

**Dhá** phointe eolais = **3** mharc + **2** mharc

**Freagraí samplacha:**

- Cú a thugtar ar Chuán go hiondúil
- Tá Cuán trí bliana déag d'aois
- Is é Ruán an mac is sine
- Tá Ruán ocht mbliana déag d'aois
- Albright an sloinne atá orthu
- Tá siad ina gcónaí ar Ascaill na Fuinseoige
- Tá grá ag Ruán dá mháthair
- Ní thuigeann Ruán cén fáth a gcuireann a mháthair lagmhisneach air an t-am ar fad
- Tugann Lisín moladh do Ruán an t-am ar fad
- Ní chreideann Ruán go mbeidh an chóisir *cool*/creideann sé go mbeidh an chóisir *crap*
- Bíonn sé de nós ag Ruán an rud a bhíonn a mháthair ag iarraidh a chloisteáil a rá léi
- Stócach mór is ea Ruán

(v) Tabhair **dhá** rud a léiríonn go bhfuil ag éirí go sármhaith le Pól, fear céile Lisín.

(**5** mharc)

**Dhá** rud = **3** mharc + **2** mharc

**Freagraí samplacha:**

- Níl sé ag obair sa siopa a thuilleadh
- Tá sé ina léachtóir/ag múineadh gnó san ollscoil
- Fear saibhir atá ann/tá a lán airgid aige
- Déanann sé a chuid airgid ag ceannach stoc
- Tá an t-airgead go léir infheistithe aige
- Níl ar Phól mórán cánach a íoc
- Tá árasáin/tithe aige
- Tá cíos á bhailiú aige ó na hárasáin/ó na tithe
- Ní gá do Lisín dul amach ag obair
- Tá sé pósta le 20 bliain

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**(b)** Freagair an cheist thíos faoin scéal béaloidis *Oisín i dTír na nÓg*. (**25** marc)

**Oisín i dTír na nÓg**

Tabhair cuntas ar shaol Oisín ón uair a d'imigh sé le Niamh Chinn Óir go Tír na nÓg go dtí deireadh an scéil.

**5** phointe eolais agus **5** mharc ar gach pointe eolais
(**5** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais agus **3** mharc ar fhorbairt)

**Pointí eolais samplacha:**

- Chuaigh siad ar mhuin an chapaill bháin agus thaistil siad thar farraige
- Chonaic siad a lán iontas – mar shampla eilit mhaol, madra bán, cailín le húll óir ina lámh ar chapall, fear ar chapall bán le claíomh chinn óir ina lámh
- Shroich siad dún Rí na mBeo, áit ina raibh iníon an rí i ngéibheann ag Fómhar Builleach
- Chaith Oisín trí oíche agus trí lá ag troid le Fómhar Builleach
- Mharaigh Oisín Fómhar Builleach/bhain sé an ceann de agus lig sé iníon Rí na mBeo saor
- Bhain siad Tír na nÓg amach agus cuireadh fáilte mhór rompu
- Chonaic Oisín mórán iontas i dTír na nÓg
- Tógadh os comhair Rí agus Bhanríon Thír na nÓg iad
- Bhí féasta ann a mhair deich n-oíche agus deich lá/i ndún an rí
- Pósadh Niamh Chinn Óir agus Oisín
- Bhí saol aoibhinn acu/mhair siad go sona sásta
- Níor tháinig meath orthu/níor éirigh siad sean
- Bhí flúirse de gach rud acu
- Bhí beirt mhac agus iníon/triúr páistí acu: Fionn, Oscar agus Plúr na mBan
- Cé go raibh an saol ar a thoil ag Oisín, theastaigh uaidh Fionn agus na Fianna a fheiceáil arís
- D'iarr sé ar Niamh an capall bán a thabhairt dó chun go dtabharfadh sé cuairt ar Éirinn
- Thug sí rabhadh d'Oisín gan cos a leagan ar thalamh na hÉireann
- Dúirt sí leis dá ligfeadh sé an capall uaidh go n-éireodh sé sean/liath/dall
- D'fhág Oisín slán ag a chlann agus thug sé a aghaidh ar Éirinn
- Nuair a shroich sé Éire, ní raibh tásc ná tuairisc ar Fhionn ná ar na Fianna
- Chuaigh sé go hAlmhain Laighean/teach Fhinn ach ní fhaca sé aon rud
- Ar theacht go Gleann na Smól dó, thug sé cabhair do bhuíon a bhí cromtha faoi leac mhór
- Thit sé den chapall agus d'éirigh sé sean
- Bhí Oisín ina sheasamh ar thalamh na hÉireann agus chaill sé a neart/bhí sé dall
- Bhuail sé le Naomh Pádraig/thug Naomh Pádraig cabhair dó
- Chuaigh Oisín le Naomh Pádraig ar thuras timpeall na hÉireann
- D'inis Oisín a scéalta do Naomh Pádraig
- Thug Naomh Pádraig bia d'Oisín agus d'ith Oisín ina aonar

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**(c)** Freagair an cheist thíos faoin scannán *Cáca Milis* nó faoin dráma *An Lasair Choille*.

**Cáca Milis** (**25** marc)

Tabhair cuntas ar na rudaí a tharlaíonn sa charráiste traenach ón uair a shuíonn an fear dall, Paul, os comhair Catherine go dtí deireadh an scannáin.

**5** phointe eolais agus **5** mharc ar gach pointe eolais
(**5** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais agus **3** mharc ar fhorbairt)

**Pointí eolais samplacha:**

- Tá asma ar Paul/tá drochshláinte aige/níl sé ar fónamh agus tá gearranáil air
- Leanann sé ar aghaidh ag insint an scéil faoin asma a bhí air le blianta
- Fear cairdiúil/anásta/cainteach/gealgháireach is ea é
- Fear bródúil is ea é agus tá sé tógtha suas leis féin
- Míníonn Paul do Catherine go raibh sé ar an raidió uair ag caint faoin asma
- Bhí sé ag maíomh faoi bheith ar an raidió agus fuair sé ubh agus *chips*
- Tá cuma fheargach chrosta ar Catherine toisc go bhfuil Paul ag caint gan stad
- Níl Catherine in ann a leabhar grá a léamh mar cuireann Paul isteach uirthi
- Teastaíonn ó Paul go gcuirfeadh Catherine ceist air faoi na radhairc atá taobh amuigh den fhuinneog
- Tá Catherine míshona/ar buile nuair a iarrann Paul uirthi ceist a chur air
- Freagraíonn Paul i gceart ach deir Catherine leis go bhfuil dul amú air
- Deir sí leis go bhfuil loch agus báid taobh amuigh den fhuinneog
- Cuireann Catherine dallamullóg ar Paul mar tá sé soineanta
- Tá Paul trína chéile ar fad agus tagann taom asma air
- Nuair a fhaigheann Paul an caife ón bhfreastalaí, diúltaíonn Catherine an siúcra a chur isteach sa chaife dó
- Tá drochnósanna ag Paul agus cuireann siad déistin ar Catherine
- Déanann sé torann agus é ag ithe agus ag ól
- Deir Catherine go bhfuil péist sa cháca
- Iarrann sé análóir uirthi ach tógann Catherine ina lámh é
- Cuireann sí síos ar an mbord é ach ní féidir le Paul breith air/ní fheiceann Pól é
- Féachann Catherine ar Phól agus é ag streachailt
- Titeann Paul i laige agus fágann Catherine Paul chun bás a fháil

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**nó**

**An Lasair Choille** (**25** marc)

Tabhair cuntas ar an gcineál saoil atá ag an bhfear óg, Séamas, agus é ag tabhairt aire don seanfhear, Micil, sa dráma *An Lasair Choille*.

**5** phointe eolais agus **5** mharc ar gach pointe eolais
(**5** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais agus **3** mharc ar fhorbairt)

**Pointí eolais samplacha:**

- Is léir go bhfuil Séamas ag brath ar Mhicil/tá Séamas ina aonar le Micil/níl cairde ag Séamas
- Tá Séamas ag cabhrú le Micil le dhá bhliain déag
- Tá Séamas faoi smacht Mhicil/tá Séamas saonta/níl sé éirimiúil

- Is cláiríneach é Micil, fanann sé sa leaba gach lá/tugann Séamas aire dó
- Bíonn Micil ag brath ar Shéamas chun gach rud a dhéanamh dó
- Is aoibhinn le Séamas an t-éan, Binncheol/tugann sé aire mhaith don éan
- Nuair a deir Séamas le Micil gur mhaith leis dul go Sasana, tá Micil ar buile toisc nár mhaith leis Séamas a chailleadh/tá Séamas buartha mar níl féinmhuinín aige féin
- Tá saol dian ag Séamas nuair a thosaíonn Micil ag magadh faoi agus glaonn sé 'amadán' air
- Deir sé freisin go gcuireann na *fits* isteach ar Shéamas/cailleann Séamas misneach agus ceapann sé go mbíonn gach duine ag magadh faoi
- Tá Séamas ciúin/cuireann sé suas leis na maslaí ó Mhicil
- Tagann Míoda isteach agus ligeann sí uirthi gur Iníon Iarla Chonnacht í/go bhfuil saoirse uaithi óna hathair
- Tá áthas ar Shéamas agus cuireann sé fáilte mhór roimh Mhíoda/is breá leis comhluadar daoine eile
- Ba mhaith le Séamas dul go Sasana le Míoda mar mothaíonn sé cosúil le príosúnach/ba mhaith leis saoirse a fháil/níl fonn air Micil a fhágáil ina aonar
- Tosaíonn Míoda ag magadh faoi agus á mhaslú
- Geallann Micil an teach/an talamh do Shéamas mar ní bheidh aon duine ann chun aire a thabhairt dó
- Cé go gcuireann an cailín dallamullóg ar Shéamas, osclaíonn sí a shúile dó/foghlaimíonn sé ceacht uaithi
- Nuair a ligeann Séamas Binncheol saor, tosaíonn an t-éan ag canadh

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

| 2B | PRÓS ROGHNACH | 50 marc |
|---|---|---|

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bPrós Roghnach.**

Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c).

**(a)** Maidir le **giota as úrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa ghiota sin. (**25** marc)

Na príomhimeachtaí (príomhrudaí) = **23** marc

**5** phointe eolais ag teastáil
(**5** mharc an ceann ar an gcéad **trí** phointe eolais + **4** mharc an ceann ar an **dá** phointe eolais eile)
(**23** marc)

**5** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **3** mharc ar fhorbairt
**4** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **2** mharc ar fhorbairt

*Ní mór teideal an úrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.*
Teideal an úrscéil **= 1** mharc
Ainm an údair = **1** mharc
(**2** mharc)

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**(b)** Maidir le **scéal béaloidis roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an phríomhphearsa (an príomhcharachtar) sa scéal sin. Déan cur síos ar an gcineál saoil atá ag an duine sin sa scéal. (**25** marc)

An phríomhphearsa (an príomhcharachtar) a ainmniú = **1** mharc
An cineál saoil atá ag an duine sin = **22** marc

**5** phointe eolais ag teastáil
(**5** mharc an ceann ar an gcéad **dá** phointe eolais + **4** mharc an ceann ar na **trí** phointe eolais eile)
(**23** marc)

**5** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **3** mharc ar fhorbairt
**4** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **2** mharc ar fhorbairt

*Ní mór teideal an scéil bhéaloidis sin a scríobh síos go cruinn.*
Teideal an scéil bhéaloidis = **2** mharc
(**2** mharc)

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**(c)** Freagair an cheist thíos faoin scannán roghnach **nó** faoin dráma roghnach. (**25** marc)

Maidir le **scannán roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa scannán sin.

*Ní mór teideal an scannáin sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn*.

Príomhimeachtaí (príomhrudaí) = **23** marc

**5** phointe eolais ag teastáil
(**5** mharc an ceann ar an gcéad trí phointe eolais + **4** mharc an ceann ar an dá phointe eolais eile)
(**23** marc)

**5** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **3** mharc ar fhorbairt
**4** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **2** mharc ar fhorbairt

*Ní mór teideal an scannáin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn*.
Teideal an scannáin = **1** mharc
Ainm an scríbhneora = **1** mharc
(**2** mharc)

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**nó**

Maidir le **dráma roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa dráma sin.

*Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn*.

Príomhimeachtaí (príomhrudaí) = **23** marc

**5** phointe eolais ag teastáil
(**5** mharc an ceann ar an gcéad trí phointe eolais + **4** mharc an ceann ar an dá phointe eolais eile)
(**23** marc)

**5** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **3** mharc ar fhorbairt
**4** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **2** mharc ar fhorbairt

*Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn*.
Teideal an dráma = **1** mharc
Ainm an scríbhneora = **1** mharc
(**2** mharc)

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

| Ceist 3 | Filíocht – Ainmnithe nó Roghnach | 50 marc |
|---|---|---|

Freagair 3A (Filíocht Ainmnithe) **nó** 3B (Filíocht Roghnach).

| 3A | FILÍOCHT AINMNITHE | 50 marc |
|---|---|---|

Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c).

**Nóta:** Níl sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí samplacha thíos uileghabhálach ná eisiach. Is samplaí de fhreagraí féideartha atá iontu; déanfaidh na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus bronnfar marcanna ar phointí bailí eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.

**(a) Géibheann** (**25** marc)

(i) Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin íomhá (faoin bpictiúr) den ainmhí a fhaighimid sna línte 1-8 den dán. (**8** marc)
**Dhá** phointe eolais = **4** mharc + **4** mharc

**Freagraí samplacha:**

- Ainmhí fiáin/allta atá i gceist
- Bhí cónaí air san fhiántas/sna trópaicí/sa teochrios/ina thimpeallacht nádúrtha féin
- Bhí clú/cáil ar an ainmhí
- Bhí fuinneamh ann
- Bhí sé láidir/mór
- Ainmhí bródúil ba ea é
- Ainmhí cumhachtach ba ea é
- Chroith sé na crainn/bhí sé ag búireadh
- Bhí sé saor/bhí spás aige
- Bhí meas ag daoine air
- Bhí áthas air/bhí sé sona sásta

**Nóta:** Línte cuí díreach ón dán (línte 1-8) gan rian an iarrthóra ar an bhfreagra = **2** mharc + **2** mharc

(ii) Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar **dhá** athrú atá ar shaol an ainmhí anois sna línte 9-17. (**8** marc)
**Dhá** athrú = **4** mharc + **4** mharc

- Níl an t-ainmhí sásta lena shaol anois
- Níl sé saor anois/tá sé i bpríosún/tá sé gafa i ngairdín na n-ainmhithe/tá sé ina chónaí sa zú anois
- Níl ach crann amháin le feiceáil
- Tá sé lag/gan fuinneamh/in ísle brí
- Níl sé bródúil/láidir níos mó
- Is cuimhin leis an saol a bhí aige sa teochrios agus cuireann sé sin brón air
- Tá sé taobh thiar de bharraí iarainn/níl spás aige anois
- Tagann daoine chun féachaint air
- Tá tuirse/brón air anois
- Tá sé ina luí ar an talamh/Ní bhíonn sé ag rith thart anois

**Nóta:** Línte cuí díreach ón dán (línte 9-17) gan rian an iarrthóra ar an bhfreagra = **2** mharc + **2** mharc

(iii) Scríobh síos an mothúchán is láidre sa dán, dar leat.
Tabhair **dhá** shampla, **i d'fhocail féin**, den mhothúchán sin sa dán. (**9** marc)
An mothúchán is láidre = **1** mharc
**Dhá** shampla = **4** mharc + **4** mharc

**Freagraí Samplacha:**
Mothúcháin = trua, brón, díomá, bród, áthas, uaigneas, briseadh croí, frustrachas, fearg, éadóchas, saor…

**Samplaí:**
- Bhí áthas ar an ainmhí uair amháin mar bhí sé saor agus bhí sé ag rith thart
- Bhí bród air mar chroith sé na crainn agus bhí sé ag búireadh
- Tá brón air anois mar níl sé saor san fhoraois/tá sé i bpríosún sa zú
- Tá uaigneas air anois mar níl sé i measc na n-ainmhithe eile agus tá sé ina aonar

**Nóta:** Mothúchán le línte cuí díreach ón dán gan rian an iarrthóra ar an bhfreagra = **1** mharc + **2** mharc + **2** mharc

**(b) An tEarrach Thiar** (**25** marc)

(i) Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar an íomhá (ar an bpictiúr) den fhear a thugann an file dúinn i véarsa a dó den dán. (Is leor **dhá** phointe eolais.) (**8** marc)
**Dhá** phointe eolais = **4** mharc + **4** mharc

**Freagraí samplacha:**
- Bhí sé ag baint feamainne
- Tá sé ag cur feamainne i gciseán
- Tá ciseán/cliabh aige/tá sé ag iompar ciseáin/tá sé ag caitheamh cléibh ar an talamh
- Tá sé ar an trá/cois farraige/cois cladaigh

**Nóta:** Línte cuí díreach as véarsa a dó gan rian an iarrthóra ar an bhfreagra = **2** mharc + **2** mharc

(ii) Scríobh síos, **i d'fhocail féin**, dhá phointe eolais faoin *gcurrach* i véarsa a ceathair. (**8** marc)
**Dhá** phointe eolais = **4** mharc + **4** mharc

**Freagraí samplacha:**
- Tá an churach ag filleadh ar an gcladach/ag teacht i dtír ag deireadh an lae
- Tá an churach lán le héisc
- Tá (torann) na maidí rámha le cloisteáil
- Tá an churach ar an bhfarraige
- Tá daoine/iascairí sa churach

**Nóta:** Línte cuí díreach as véarsa a ceathair gan rian an iarrthóra ar an bhfreagra = **2** mharc + **2** mharc

(iii) Ar thaitin saol an oileáin leis an bhfile, dar leat?
Tabhair **dhá** fháth, **i d'fhocail féin**, le do fhreagra. (**9** marc)

Thaitin/níor thaitin = **1** mharc
**Dhá** fháth = **4** mharc + **4** mharc

**Fáthanna samplacha:**
Thaitin saol an oileáin leis…an saol faoin aer/saol simplí/cairde aige ar an oileán/an dea-aimsir/grá mór aige don oileán/daoine ag comhoibriú le chéile/cuimhní sona aige ar a óige ar an oileán/ atmaisféar síochánta…

Níor thaitin saol an oileáin leis…brón air nach bhfuil sé ar an oileán/an saol sin thart/bhí saol crua ag na daoine ar an oileán/d'fhág sé an t-oileán agus chuaigh sé go Baile Átha Cliath/ní raibh post ar an oileán/bhí na daoine bocht…

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**(c) Mo ghrá-sa (idir lúibíní)** (**25** marc)

(i) Scríobh síos, **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, a thugann an file dúinn faoin bhfear sna línte 1-8 den dán. (**8** marc)
**Dhá** phointe eolais = **4** mharc + **4** mharc

**Freagraí samplacha:**

- Níl a grá ródhathúil
- Níl a grá cosúil leis an mbláth a fhásann ar an sceach gheal sa ghairdín/ar chrann
- Fásfaidh na nóiníní as a chluasa nuair a gheobhaidh sé bás/nuair a bheidh sé curtha sa chré/san uaigh

**Nóta:** Línte cuí díreach ón dán (línte 1-8) gan rian an iarrthóra ar an bhfreagra = **2** mharc + **2** mharc

(ii) Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar an íomhá (ar an bpictiúr) den fhear a thugann an file dúinn sna línte 9-16 den dán. (Is leor **dhá** phointe eolais.) (**8** marc)
**Dhá** phointe eolais = **4** mharc + **4** mharc

**Freagraí samplacha:**

- Níl dath glas ar shúile an fhir
- Níl cuma ródheas ar a shúile
- Tá a shúile róchóngarach dá chéile
- Níl gruaig an fhir ródheas
- Tá a ghruaig cosúil le sreang dheilgneach/*WIRE* deilgní
- Tá an chuma chéanna ar ghruaig an fhir is atá ar ghruaig bhean Shakespeare

**Nóta:** Línte cuí díreach ón dán (línte 9-16) gan rian an iarrthóra ar an bhfreagra = **2** mharc + **2** mharc

(iii) An maith leat an dán seo?
Tabhair **dhá** fháth, **i d'fhocail féin**, le do fhreagra. (**9** marc)

Is maith/ní maith = **1** mharc
**Dhá** fháth = **4** mharc + **4** mharc

**Freagraí samplacha:**

- Is maith liom an dán: is dán simplí é/is breá liom na híomhánna sa dán/is maith liom na mothúcháin/an greann/an magadh sa dán…
- Is maith liom an téama…tá sé suimiúil/éifeachtach…
- Ní maith liom an dán: ní maith liom na híomhánna/na mothúcháin sa dán…
- Ní maith liom an dán: tá an file ag magadh faoin bhfear/ní maith liom an magadh sa dán/níl an file dáiríre…

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

| 3B | FILÍOCHT ROGHNACH | 50 marc |
|---|---|---|

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bhFilíocht Roghnach.**
Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c).
**Níl cead an dán roghnach céanna** a úsáid **faoi dhó** sna freagraí ar (a), (b) nó (c).

**(a)** (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos **i d'fhocail féin**, príomhsmaointe an dáin. (**9** marc)
**Dhá** phríomhsmaoineamh = **5** mharc + **4** mharc

(ii) Cén íomhá (pictiúr) is mó a thaitníonn leat sa dán?
Mínigh an íomhá (an pictiúr) sin **i d'fhocail féin**. (Is leor **dhá** phointe eolais.) (**7** marc)

An íomhá (an pictiúr) is mó a thaitníonn leat = **1** mharc
**Dhá** phointe eolais = **3** mharc + **3** mharc

(iii) Scríobh síos an mothúchán is láidre sa dán, dar leat.
Tabhair **dhá** shampla, **i d'fhocail féin**, den mhothúchán sin sa dán. (**7** marc)

An mothúchán is láidre = **1** mharc
**Dhá** shampla = **3** mharc + **3** mharc

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn*. (**2** mharc)
Ainm an dáin = **1** mharc
Ainm an fhile = **1** mharc

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**(b)** (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin sin. Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin bpríomhthéama sin sa dán. (**9** marc)

Príomhthéama an dáin = **1** mharc
**Dhá** phointe eolais = **4** mharc + **4** mharc

(ii) Cén t-atmaisféar atá sa dán seo, dar leat? Tabhair **dhá** shampla den atmaisféar sin sa dán. (**7** marc)
An t-atmaisféar a lua = **1** mharc
**Dhá** shampla = **3** mharc + **3** mharc

(iii) Scríobh síos rud **amháin** a thaitin leat **agus** rud **amháin** nár thaitin leat faoin dán seo.
(**7** marc)
An ceann is fearr = **4** mharc
An rud eile = **3** mharc

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn*. (**2** mharc)
Ainm an dáin = **1** mharc
Ainm an fhile = **1** mharc

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**(c)** (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, cén príomhthéama atá sa dán, dar leat? Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin bpríomhthéama sin sa dán. (**9** marc)

An príomhthéama = **1** mharc
**Dhá** phointe eolais = **4** mharc + **4** mharc

(ii) Luaigh an íomhá (an pictiúr) is fearr leat sa dán.
Mínigh an íomhá (an pictiúr) sin **i d'fhocail féin**. (Is leor **dhá** phointe eolais.)
(**7** marc)

An íomhá (an pictiúr) is fearr leat = **1** mharc
**Dhá** phointe eolais = **3** mharc + **3** mharc

(iii) An maith leat an dán seo? Tabhair **dhá** fháth, **i d'fhocail féin**, le do fhreagra.
(**7** marc)

Is maith/Ní maith = **1** mharc
**Dhá** fháth = **3** mharc + **3** mharc

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn*. (**2** mharc)
Ainm an dáin = **1** mharc
Ainm an fhile = **1** mharc

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM)**

Cuirtear Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM) i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- Úsáid gléas taifeadta
- Úsáid próiseálaí focal
- Úsáid scríobhaí
- Tarscaoileadh maidir le litriú agus le gnéithe áirithe den ghramadach

Nuair a dheonaítear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe d'iarrthóir ar bith:

Déantar **an t-ábhar** sna freagraí ar fad a mheasúnú de réir na gnáthscéime marcála.
Déantar **measúnú ar Chruinneas Gaeilge** na n-iarrthóirí sin a mbaineann an Scéim Mharcála Mhodhnaithe leo as a máistreacht ar chruinnúsáid ghnéithe ainmnithe den ghramadach. Ní chuirtear botúin litrithe san áireamh.

**Litriú**:

Ní chuirtear litriú san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chaighdeán Gaeilge an iarrthóra. I gcás earráidí litrithe, ní chuirtear línte corracha cothrománacha faoi dhrochlitriú in aon áit sa script - Cluastuiscint, Ceapadóireacht, Léamhthuiscint ná sna freagraí litríochta.

**Cruinneas na Gaeilge**:

Maidir le **Gaeilge**, gearrfar pionós ar **bhotúin mhóra chomhréire** a chuireann struchtúr na teanga as riocht. Caithfear na gnéithe ainmnithe seo a leanas a chur san áireamh agus marc á bhronnadh ar an iarracht: Comhréir chruinn; Cruinnúsáid na Copaile; Cruinnúsáid aimsirí na mbriathra; Cruinnúsáid na réamhfhocal. Is ceart na mórbhotúin sin a mharcáil trí líne chorrach chothrománach a chur fúthu.

Ní chuirtear na gnéithe seo a leanas den ghramadach san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chaighdeán Gaeilge an iarrthóra: úsáid an uraithe; úsáid an tséimhithe; aontú ainmfhocal is aidiachtaí.

Cuirtear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe i bhfeidhm sa mheasúnú ar Ghaeilge sna ranna seo a leanas:

- **Páipéar 1: Cuid I: An Chluastuiscint:** An mharcáil ar mheasúnú ar an nGaeilge [Gaeilge lochtach: 0-6 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]
- **Páipéar 1: Cuid II: An Cheapadóireacht:** An measúnú ar Chumas Gaeilge as 40 marc
- **Páipéar 2: Ceist 1: An Léamhthuiscint:** An measúnú a dhéantar ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí [Léamhthuiscint A: Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh agus Léamhthuiscint B: Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]
- **Páipéar 2: Ceist 2: An Prós:** An measúnú a dhéantar ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí próis [Gaeilge lochtach: 0 - 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]
- **Páipéar 2: Ceist 3: An Fhilíocht:** An measúnú a dhéantar ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí filíochta [Gaeilge lochtach: 0 - 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

Ní mór don scrúdaitheoir an tsiombail anótála '**SMM**' a chur ar Pháipéar 1 ag tús na Cluastuisceana, Cuid A, agus ar chlúdach Pháipéar 2 nuair a chuirtear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe i bhfeidhm.

**Páipéar 1: Cuid II: An Cheapadóireacht** - an measúnú ar Chumas Gaeilge as 40 marc

| **Aicme** | **Cur síos ar chatagóirí** | **Marc as 40** |
|---|---|---|
| Sármhaith | Cruinnúsáid shármhaith ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 34-40 |
| An-mhaith | Cruinnúsáid an-mhaith ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 28-33 |
| Maith | Cruinnúsáid mhaith ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 22-27 |
| Maith go leor | Cruinnúsáid maith go leor ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 16-21 |
| Lag | Cruinnúsáid lag ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 10-15 |
| An-lag | Cruinnúsáid an-lag ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 4-9 |
| Easnamhach | Cruinnúsáid easnamhach ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 0-3 |

Leathanach Bán